An Coimisiún Eorpach

# GNÍOMHAÍOCHT AE MAIDIR LE GALAIR NEAMHCHOITIANTA

## Feabhas a chur ar rochtain an othair ar dhiagnóis, ar eolas agus ar chúram

FEABHRA 2023

## «Galair neamhchoitianta, líon mór othar»

Tá tuairim is **36 milliún duine** san Aontas Eorpach a bhfuil galar neamhchoitianta orthu. Tá breis agus **6000** galar neamhchoitianta éagsúla san Aontas, agus cé go bhféadfadh galar neamhchoitianta amháin a bheith ar dhornán daoine, d'fhéadfadh galar neamhchoitianta eile a bheith ar **250,000** duine.
Is **de bhunús géiniteach iad thart ar 80% de na galair neamhchoitianta**, agus **tosaíonn 70% de na galair sin agus an duine fós ina leanbh**. Tá sé d'aidhm ag gníomhaíocht AE maidir le galair neamhchoitianta diagnóis, cúram agus cóireáil othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu a fheabhsú trí chomhthiomsú acmhainní agus trí chomhar.



### Comhar agus comhordú neartaithe san Eoraip chun rochtain ar eolas, ar dhiagnóis agus ar chóireáil galar neamhchoitianta a fheabhsú

Breis agus 1600 ionad speisialaithe agus beagnach 400 ospidéal i 28 dtír, nasctha le chéile trí **24 Líonra Tagartha Eorpacha (ERNanna)**.

### Fáil níos fearr agus rochtain níos fearr ar chógais leighis ag othair san Aontas a bhfuil galair neamhchoitianta orthu

Údaraíodh breis agus **200 cógas leighis dílleachtacha** agus ainmníodh os cionn **2700 táirge íocshláinte leighis dílleachtacha**.

### Feabhas a chur ar aitheantas, infheictheacht agus códú

Tacaíocht don **Ardán Eorpach um Chlárú Galar Neamhchoitianta**

Tacaíocht do **Orphanet**, an tairseach Eorpach maidir le galair neamhchoitianta agus cógais leighis dílleachtacha, chomh maith le forbairt agus cothabháil an chórais códúcháin le haghaidh galair neamhchoitianta **(Orphacodes)**.

### Tacaíocht maidir le hoiliúint, forbairt agus taighde

Tacú le **Clár ERN um Malartú Gairmithe** chun eolas a roinnt agus chun comhar a spreagadh idir gairmithe cúraim sláinte

**Clár ERN um Threoirlínte maidir le Cleachtas Cliniciúil**

Tionscadail taighde a fhaigheann maoiniú ón Aontas

### Tacú le beartais náisiúnta i mBallstáit an Aontais

Roinnt **Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha** chun córais náisiúnta faisnéise agus sonraí a fhorbairt, chun pleananna náisiúnta a fhorbairt maidir le galair neamhchoitianta, agus chun dlús a chur leis an obair ar chineálacha neamhchoitianta ailse.

### Tacú le comhar idirnáisiúnta

Rannpháirtíocht san **Aicmiú Idirnáisiúnta Galar**, arna stiúradh ag EDS.

# I dtreo cur chuige AE níos láidre maidir le galair neamhchoitianta

### Athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le cógais leighis le haghaidh galair neamhchoitianta

Maidir le cógais leighis lena dtugtar aghaidh ar riachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu, a bhforbairt a chothú, mar aon le rochtain níos tráthúla agus níos inacmhainne orthu do chách.

### Úsáid mórshonraí a chur chun cinn maidir le galair neamhchoitianta

Clárlanna a bhunú ar fud an Aontais chun taighde cliniciúil a éascú, chun feabhas a chur ar phleanáil cúraim sláinte agus ar chúram othar, i gcomhréir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte.

### Tacaíocht méadaithe do na Ballstáit in 2023-2025

Seoladh na Gníomhaíochta Comhpháirtí maidir le ERNanna a chomhtháthú i gcórais sláinte náisiúnta.

### Tacaíocht chun Mol Úcránach a chruthú maidir le galair neamhchoitianta agus galair aimpléiseacha

Ó cuireadh tús le gníomhaíochta an mhoil in 2022, atreoraíodh os cionn 600 cás othar chuige.

### Maoiniú feabhsaithe agus méadaithe i gcomhair tionchar níos mó

€77 milliún i bhfoirm deontais dhíreacha chuig ERNanna.

### Comhpháirtíocht Eorpach um ghníomhaíochtaí taighde maidir le galair neamhchoitianta a sheoladh in 2024

Leithdháileadh breis agus €2.4 billiún chun tacú le cláir thaighde agus nuálaíochta náisiúnta, áitiúla agus Eorpacha.

### Líonraí tagartha Eorpacha feabhsaithe

Cruthú Acadamh ERN fíorúil in 2022.

Tá leagan feabhsaithe den ardán TF lena thacaítear le plé trasteorann cásanna cliniciúla á fhorbairt, agus beidh sé ar fáil in 2024.

An chéad mheastóireacht thréimhsiúil ar ERNanna agus ar a mball tar éis 5 bliana ar an bhfód.



Le **Maoiniú** faoi **EU4Health** beidh tacaíocht ann amach anseo le haghaidh taighde ar ghalair neamhchoitianta agus chun éiceachóras na ERNanna a fhorbairt agus a fheabhsú.